# BILEOG EOLAIS

# CONAIR ARDCHAIGHDEÁIN BUS BHÓTHAR NA nGLASCHNOC

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

dto

# Réamhrá

Tá Oifig Thionscadail an Líonra Ardchaighdeáin Bus i gcomhar le Comhairle Contae Átha Cliath Theas i ndiaidh réamhphlean a ullmhú chun lánaí bus a thabhairt isteach ar Bhóthar na nGlaschnoc. Déanfar na lánaí bus sin mar chuid den ath-ailíniú a dhéanfar ag Radharc na Páirce agus ar Bhaile an Mhóta. Dhá scéim atá iontu ar cuid de chlár Bhóithre Neamhnáisiúnta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas iad. Tabharfar an tosaíocht is mó do bhusanna i rith an bhealaigh faoin scéim agus déanfar athleagan amach ar mharcálacha bóthair na scéimeanna atá anois ann chun lána bus a chur isteach.

## Cuspóirí an Pholasaí

Is é cuspóir na scéime:

- Amanna na dturas bus a ghiorrú
- Úsáid níos fearr a bhaint as a bhfuil ann de leithead an bóthair.

## An Chonair mar atá faoi láthair

- Cuirtear moill mhór ar bhusanna ag taisteal isteach agus amach dóibh.
- Tá an bóthar leathan go leor chun lána bus a chur ann gan líon an tráchta ghinearálta a laghdú.

## Gearrthuairisc ar na Tograí

- Athrófar na marcálacha bóthair chun an haitseáil atá anois ann a bhaint ar shiúl agus lána bus 3.25m ar leithead a chur isteach sa dá threo.
- Laghdófar leithead an lána tráchta ó 4.5m go dtí 3.25m.
- Moltar go mbeidh na lánaí bus in úsáid ar feadh 24 uaire an chloig, Luan go Domhnach.
- Beidh sainlána bus timpeall 1,955 m ar fad ag na busanna a bheidh ag taisteal soir ó thuaidh (go lár na cathrach) agus beidh sainlána bus 2,170 m ar fad ag na busanna a bheidh ag taisteal siar ó dheas (go Tamhlacht).
- Beidh sé ina nasc idir lár bhaile Thamhlachta agus lár na cathrach agus rachaidh sé isteach i gConair Ardchaighdeáin Bus Chluain Dolcáin Theas ag acomhal Bhothair Bhaile Bhailcín Theas agus Bhóthar an Mhile Fhada.
- Dá n-athrófaí an plean anois shábhálfaí cuid mhór ama, oibre agus airgid sa todhchaí. Dá bhrí sin ní chuirfí isteach a thuilleadh ar ghluaisteánaithe sa todhchaí mar gur féidir na
- marcálacha nua bóthair a chuimsiú mar athrú sa dearadh ata anois ann.
- Níl athruithe le déanamh ar leithead iomlán an charrbhealaigh ná na lánaí rothaíochta
- Níl aon athruithe le déanamh ar dhearadh na n-acomhal.
- Ní laghdófar líon an tráchta ghinearálta.

## Scála Ama

Is é an rún é go rachfar i gcomhairle leis an bpobal faoin scéim agus go gcuirfear i bhfeidhm i mar chuid  den ath-ailíniú bóthair a dhéanfar ag Radharc na Páirce, atá le críochnú i lár 2008, agus mar chuiid den athlíniú a dhéanfar ag Baile an Mhóta, atá le críochnú faoi dheireadh 2009.

## Tionchar Foriomlán na dTograí

- Feabhsófar saoráidí na mbusanna de bharr na dtograí.
- Beidh líon mór paisinéirí bus ag sábháil cuid mhór ama.
- Ní bheidh tionchar suntasach ag na tograí ar amanna na dturas a dhéanfaidh an gnáththrácht.
- Ní bheidh aon tionchar acu ar na saoráidí rothaíochta.

## Do Thuairimí féin

Má tá aon tuairimí le nochtadh agat féin ar an scéim atá molta, scríobh isteach iad sa spás atá curtha ar fáil thíos nó scríobh chuig: Bainisteoir an Tionscadail, Oifig Thionscadail CAB roimh 27 Meitheamh 2007.

**Bainisteoir an Tionscadail**
**Oifig Thionscadail CAB**
**4ú Urlar, Foirgneamh Verizon**
**Sráid na hÉirne Íochtarach**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teil: 6860100 Facs: 6860124**
**R-phost: qbnoffice@dublincity.ie**

## Ceistneoir

Comhlánaigh an ceistneoir seo le do thoil agus inis dúinn cad é do thuairim faoi na trograí.

Ainm:_____

Seoladh:_____

_____

_____

Cad é mar a chuirfeá síos ort féin? Cuir tic de réir mar is iomchuí.

| | |
|---|---|
| Cónaitheoir sa cheantar | ☐ |
| Tradálaí / gnó | ☐ |
| Gluaisteánaí | ☐ |
| Úsáideoir bus | ☐ |
| Rothaí | ☐ |
| Coisí | ☐ |

## Sonraí an Taispeántais Phoiblí

Beidh líníocht na scéime atá molta ar fáil lena hiniúchadh i rith gnáthuaireanta oibre ó 15 Bealtaine 2007 go dtí 13 Meitheamh 2007 ag:

- **Oifigí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Contae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.**
- **Leabharlann Halla an Contae, Halla an Contae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.**
- **Leabharlann an Teampaill Ghil, Lána an Táilliúraigh, Ráth Fearnáin, Bhaile Átha Cliath 16.**

Beidh bosca ar fáil san áit sin fosta le haghaidh do chuid tuairimí.

QualityBusNetwork